Nollaig Shona

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi aoi speisialta i gContae an Chláir. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh Gaeilge a chur orthu?

1. the voice of the people _____
2. delight _____
3. despite the pandemic _____
4. support _____
5. special needs _____
6. voluntarily _____
7. smile _____
8. free _____
9. to cheer up _____
10. appointment _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan cur síos ar a bhféachann tú inti. Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair an cheist:

Cad a rinne Eddie O'Gorman agus cén fáth a ndearna sé amhlaidh?

Ceist 4 '…**ar son** an phobail…'

Cuirtear ainmfhocail a leanann réamhfhocail chomhshuite sa tuiseal ginideach. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

i gcomhair
ar fud
le linn
i bhfeighil
i ndiaidh

Ceist 5 '…Contae an Chláir…' agus '…Tiobraid Árann…'

Scríobh amach contaetha na hÉireann. Ansin cuir an focal 'contae' roimh gach ceann acu. Mar shampla:

Tiobraid Árann, Contae Thiobraid Árann

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cé acu ab fhearr leat – Oíche Nollag nó Oíche Chinn Bliana? Cén fáth?
2. Conas a bheidh an Nollaig seo difriúil ó bhlianta eile?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1.	the voice of the people	*guth an phobail*
2.	delight	*gliondar*
3.	despite the pandemic	*in ainneoin na paindéime*
4.	support	*tacaíocht*
5.	special needs	*riachtanais speisialta*
6.	voluntarily	*go deonach*
7.	smile	*miongháire*
8.	free	*saor in aisce*
9.	to cheer up	*ardú meanman a thabhairt do*
10.	appointment	*coinne*

Ceist 2
Pléigh na tuairimí ar fad a bhí ag na foghlaimeoirí. Mar shampla:

Daidí na Nollag
Crann (crainn) Nollag
Soilse Nollag
Tinsil
Maisiúcháin Nollag
Stoca (stocaí) Nollag
Hata (hataí) Nollag
Réinfhia
Síofraí
Beanna
Carr sleamhnáin

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
i gcomhair (for): Beidh me ag dul abhaile i gcomhair na Nollag.
ar fud (throughout): Bhí maisiúcháin Nollag ar fud an bhaile.
le linn (during): Phléigh muid cúrsaí reatha le linn an ranga.
i bhfeighil (looking after): Cé a bheidh i bhfeighil na bpaistí?
i ndiaidh (after): Feicfidh mé thú i ndiaidh an tsosa.

Ceist 5
<u>Cúige Laighean</u>

Áth Cliath	Co. Átha Cliath
Ceatharlach	Co. Cheatharlach
Cill Chainnigh	Co. Chill Chainnigh
Cill Dara	Co. Chill Dara
Cill Mhantáin	Co. Chill Mhantáin
An Iarmhí	Co. na hIarmhí
Laois	Co. Laoise
Loch Garman	Co. Loch Garman
An Longfort	Co. an Longfoirt
Lú	Co. Lú
An Mhí	Co. na Mí
Uíbh Fhailí	Co. Uíbh Fhailí

<u>Cúige Mumhan</u>

Ciarraí	Co. Chiarraí
An Clár	Co. an Chláir
Corcaigh	Co. Chorcaí

Luimneach	Co. Luimnigh
Port Láirge	Co. Phort Láirge
Tiobraid Árann	Co. Thiobraid Árann

Cúige Chonnacht

Gaillimh	Co. na Gaillimhe
Liatroim	Co. Liatroma
Maigh Eo	Co. Mhaigh Eo
Ros Comáin	Co. Ros Comáin
Sligeach	Co. Shligigh

Cúige Uladh

Aontroim	Co. Aontroma
Ard Mhacha	Co. Ard Mhacha
An Cabhán	Co. an Chabháin
Doire	Co. Dhoire
An Dún	Co. an Dúin
Dún na nGall	Co. Dhún na nGall
Fear Manach	Co. Fhear Manach
Muineachán	Co. Mhuineacháin
Tír Eoghain	Co. Thír Eoghain

Ceist 6
Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Is i gCill Dalua i gContae an Chláir atá guth an phobail an tseachtain seo, áit a bhfuil fear san áit tar éis gliondar a chur ar pháistí sa gceantar agus Daidí na Nollag ligthe isteach aige sa ngairdín cúil.

Laura Donoghue, Cailíní Lua
Táimid anseo anocht i ngairdín Eddie O'Gorman, agus taobh thiar díom tá seidín beag agus in ainneoin na paindéime tháinig Daidí na Nollag chun bualadh le páistí ón bparóiste.

Katie Donoghue, Cailíní Lua
Tá Cailíní Lua, an banna ceoil, anseo chun an t-atmaisféar a choimeád beo agus chun tacaíocht a thabhairt don ócáid speisialta seo.

Laura Donoghue, Cailíní Lua
Shocraigh Eddie ar an bplean seo mar tá iníon óg aige, darb ainm Sorcha, agus tá riachtanais speisialta aici. Theastaigh ó Eddie oíche speisialta a chruthú do Shorcha agus na páistí eile.

Katie Donoghue, Cailíní Lua
Tá na *elves*[1] agus na daoine taobh thiar díom ag obair go deonach ar son an phobail chun miongháire a chur ar na páistí.

Laura Donoghue, Cailíní Lua
Tá an áit an-ghnóthach óna dó a chlog. I gcomhair gach páiste a thagann isteach, faigheann siad bronntanas, is féidir leo caint le Daidí na Nollag agus chomh maith leis sin tá cupán tae i gcomhair mamaí agus daidí ag an deireadh. Agus tá gach rud saor in aisce.

Tá sé an-tábhachtach, go háirithe i mbliana, ardú meanman a thabhairt do na páistí óga.

Eddie O'Gorman
If you saw the smiles on the children coming in. All the children really didn't think they were going to get Santa. They got it today. It was worth every minute.

Laura Donoghue, Cailíní Lua
So, dóibh siúd nach bhféadfaidís coinne a fháil le Daidí na Nollag inniu, beidh sé ag dul timpeall, ag tosú ag Cill Dalua agus ansin trasna an droichid go dtí Béal an Átha i dTiobraid Árann chun bualadh leis na páistí go léir.

Nollaig Shona daoibh go leor!

[1] *síofraí* as Gaeilge